Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2024
(OR. en)

11422/24

CONUN 140
ONU 83
COHOM 143
CFSP/PESC 996
COPS 383
CSDP/PSDC 487
CONOP 46
COTER 136
COAFR 236
DEVGEN 96
SUSTDEV 74
ENV 679
CLIMA 257
COHAFA 43
MIGR 290
SAN 389
CYBER 205

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 79ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2024 go Meán Fómhair 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 79ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2024 go Meán Fómhair 2025, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 4038ú cruinniú a reáchtáladh an 24 Meitheamh 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 79ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2024 go Meán Fómhair 2025**[1]

1. Tugann an tAontas aghaidh ar an 79ú Comhthionól Ginearálta de mheon diongbháilteachta athnuaite chun réitigh iltaobhacha bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn agus chun a áirithiú go rachaidh siad chun tairbhe do chách.

2. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le huaillmhian Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe 'gach gné den tsíocháin' a bhaint amach agus iarrann siad comhar idirnáisiúnta chun na críche sin. Táimid tiomanta oibriú ar bhealach cuiditheach le tíortha agus le comhpháirtithe i bhfóraim iltaobhacha, trí idirphlé, trí thuiscint fhrithpháirteach agus trí urraim fhrithpháirteach chun teacht ar réitigh choiteanna.

3. Tá an baol ann go gcuirfear bac ar ghnóthú ár spriocanna forbartha fadtéarmacha de dheasca na bpráinneacha atá timpeall orainn sa lá atá inniu ann. Tá athghealladh agus comhdhearcadh athnuaite de dhíth orainn chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna). Agus aird á tabhairt aige ar an tsíocháin agus an fhorbairt, cuirfidh an tAontas dlús leis na hiarrachtaí Clár Oibre 2030 a bhaint amach agus na SFInna a ghnóthú.

4. Is bagairt dhomhanda eiseach í tromchúis na dtrí ghéarchéim phláinéadacha, mar atá an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus truailliú, agus méadaíonn sí go mór na hábhair imní slándála atá ann cheana. Tá an tAontas tiomanta oibriú le comhpháirtithe chun dlús a chur le haistriú glas domhanda, cóir agus cuimsitheach mar a leagtar amach i gConclúidí 2024 ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Ghlas agus chun cur chun feidhme éifeachtach an chirt chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

5. Measann an tAontas gur cloch mhíle ríthábhachtach don chóras iltaobhach é an Cruinniú Mullaigh don Todhchaí agus tá sé ag plé go cuiditheach le Comhshocrú uaillmhianach don Todhchaí. Tá ionchur an Aontais ailínithe lenár dtosaíochtaí don seisiún seo agus léiríonn sé an aidhm atá tacú leis an iltaobhachas agus é a athchóiriú ionas go rachaidh sé chun tairbhe do chách, go mbeidh sé oiriúnach don todhchaí, agus gur fearr a léireofar saol an lae inniu leis.

[1] Tríd síos sa doiciméad seo, ní dhéanann úsáid 'an tAontas' réamhbhreith i dtaobh cibé acu an ag 'an tAontas', 'an tAontas agus a Bhallstáit' nó 'na Ballstáit' go heisiach atá an inniúlacht.

6. Beidh na tosaíochtaí sin mar bhonn do ghníomhaíocht an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe sa bhliain atá le teacht:

   I. Tiomantas a thabhairt athuair do bhonn oird idirnáisiúnta riailbhunaithe, lena n-áirítear cearta an duine;

   II. Tacú leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta;

   III. Forbairt inbhuanaithe agus maoiniú don fhorbairt a chur chun cinn;

   IV. Aghaidh a thabhairt ar na trí ghéarchéim phláinéideacha;

   V. Muinín a chothú trí chóras iltaobhach níos éifeachtaí.

**I. Tiomantas a thabhairt athuair do bhonn oird idirnáisiúnta riailbhunaithe, lena n-áirítear cearta an duine**

7. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de thacaíocht a thabhairt do chóras iltaobhach atá dílis do rialacha agus prionsabail **Chairt na Náisiún Aontaithe** agus **Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine** (DUCD) agus cuirfidh siad i gcoinne aon iarrachtaí an bonn a bhaint de nó é a lagú. Féachaimid leis an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine atá mar bhunchloch ag an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus lena n-éascaítear caidreamh comhoibritheach idir Stáit agus pobail. Is ionann an t-iltaobhachas agus conradh sóisialta daonlathach ar bhonn idirnáisiúnta. Tá an tAontas tiomanta d’athchóiriú rialachais domhanda agus beidh sé ar thús cadhnaíochta maidir leis an smacht reachta, noirm idirnáisiúnta, agus comhaontuithe lena gcuirtear earraí poiblí domhanda ar fáil agus lena gcosnaítear na glúine atá le teacht a chur chun feidhme agus a chaomhnú.

8. Ag meabhrú dó prionsabal uilíocht, dodhealaitheacht, idirspleáchas agus idirghaol chearta an duine, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun cosaint agus comhlíonadh **chearta uile an duine** agus an meas atá orthu a neartú, mar aon lena n-uilíocht a chosaint – bídís ina gcearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha. Tabharfaimid aird ar leith orthu siúd atá i staideanna leochaileacha agus saothróimid comhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, chun an sprioc sin a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na Stáit uile páirt iomlán a ghlacadh i gcóras na Náisiún Aontaithe um chearta an duine. Déanfaidh an tAontas iarrachtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn go fuinniúil agus a uas-scálú ar son an chomhionannais inscne, ar son chearta uile an duine a bheith á gcur chun cinn agus á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta. Bíonn gá níos mó fós leis sin gach am a mbíonn brú siar domhanda i gcoinne an chomhionannais inscne agus nuair a bhíonn gnóthú SFI5 i bhfad ón mbóthar ceart. Leanfaidh an tAontas de gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a chosc agus a dhíothú i gcroílár a chuid iarrachtaí. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú agus don uile dhuine a bheith i dteideal réimse iomlán chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a theachtadh, agus do chosaint na ndaoine sin atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta. Athdhearbhóidh an tAontas a ghealltanas teachtadh iomlán cothrom chearta an duine ag daoine LGBTI a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. Leanfaidh an tAontas de chearta na bPobal Dúchasach a chur chun cinn mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Bunóidh an tAontas a ghníomhaíochtaí ar Chonclúidí 2024 ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais i bhfóraim na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine.

9. Is tosaíochtaí do bheartas eachtrach an Aontais iad an t**saoirse ó phionós a chomhrac** agus cearta íospartach a áirithiú, chomh maith le **cuntasacht** as coireanna idirnáisiúnta agus as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta, gan beann ar an áit ná ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn siad. Mura mbíonn aon iarmhairtí ag baint le sáruithe, éiríonn an tsaoirse ó phionós níos forleithne agus tarlaíonn na sáruithe arís. Is mór ag an Aontas freisin ómós a thabhairt do chuimhne na n-íospartach, lena n-áirítear íospartaigh de chuid na sceimhlitheoireachta agus gníomhartha foréigin atá bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh, agus guth a thabhairt dóibh, rud a d'fhéadfadh cabhrú le feasacht a mhúscailt, comhtháthú sóisialta a neartú, agus luachanna daonlathacha a threisiú.

10. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go láidir leis an **gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta** (CBI) mar cheann de phríomhcholúin an chórais cheartais idirnáisiúnta. Meabhraítear don Aontas go bhfuil orduithe agus cinntí CBI ceangailteach ar na Páirtithe sa díospóid.

11. Athdhearbhaíonn an tAontas freisin go dtacaíonn sé go láidir leis an **gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta** agus meabhraítear dó go bhfuil sé d'oibleagáid ar Stáit is Páirtithe i Reacht na Róimhe comhoibriú go hiomlán leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus coireanna laistigh dá dlínse á n-imscrúdú agus á n-ionchúiseamh aici, lena n-áirítear barántais ghabhála a fhorghníomhú. Tacaíonn an tAontas freisin le fothú acmhainneachta agus institiúidí ar an leibhéal náisiúnta agus le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta, mar shampla, Coinbhinsiún na Háige (Liúibléana) chun a áirithiú go ndéanfar coireanna idirnáisiúnta a ionchúiseamh go héifeachtach chomh maith leis an gceartas idirthréimhseach. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sásraí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a oibríonn chun an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn, a chosaint agus faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe **Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine**. Meabhraítear don Aontas a ríthábhachtaí atá sé neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na n-institiúidí breithiúnacha a áirithiú agus a chaomhnú, lena n-áirítear maidir leis an éilliú a chosc agus a chomhrac.

12. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí tacaíocht a thabhairt do ról na Náisiún Aontaithe maidir le comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt **dhaonnúil** idirnáisiúnta ar éigeandálaí a bunaíodh faoi Rún 46/182 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 1991. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun an spás daonnúil a chosaint trí rochtain mhear gan bhac ar dhaoine atá i ngátar a chumasú agus a éascú, trí chosaint pearsanra dhaonnúil a ráthú, agus trí urraim do phrionsabail dhaonnúla na neamhchlaontachta, na neodrachta, an neamhspleáchais agus na daonnachta a áirithiú. Leanfaidh an tAontas d'aird ar leith a thabhairt orthu siúd is leochailí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Oibreoidh an tAontas agus na Ballstáit chun an bhearna mhéadaitheach idir riachtanais dhaonnúla agus an cistiú atá ar fáil a laghdú, agus athdhearbhaíonn siad na tosaíochtaí a leagtar amach i gConclúidí 2023 ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil.

## II. Tacú leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta

13. Is príomhchuspóir de chuid na Náisiún Aontaithe é an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil, agus tá gealltanas tugtha ag gach ceann de na 193 chomhalta ina leith. Mar sin féin, tá coinbhleachtaí ag tarlú ar fud beagnach gach ilchríoch sa lá atá inniu ann, ina bhfuil sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Níl sé inghlactha go bhfuiltear ag díriú níos mó agus níos mó ar shibhialtaigh agus ar réada sibhialtacha, ar oibrithe daonnúla agus ar iriseoirí; go bhfuil mná agus cailíní fós ag fulaingt go díréireach; agus go bhfuil méadú ag teacht ar an dúshlán a bhaineann le rochtain dhaonnúil atá sábháilte, tapa agus gan bhac nó ar an úsáid a bhaintear aisti mar mhír mhargántaíochta. Leanfaidh an tAontas de chearta an linbh a chur chun cinn trí thosaíocht a thabhairt do chosaint leanaí ar gach cineál foréigin, lena n-áirítear i gcoinbhleacht armtha.

14. Iarrann an tAontas go ndéanfaí athdhearbhú ar Chairt na Náisiún Aontaithe ina hiomláine agus **Comhairle Slándála athchóirithe na Náisiún Aontaithe** (CSNA) a bheidh in ann a sainordú a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr. Molaimid obair Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (UNGA) in ábhair a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, go háirithe i gcomhthéacs an 10ú agus an 11ú Seisiún Speisialta Éigeandála dá chuid, agus a bhaineann le cur chun feidhme Rún 76/262 maidir le sainordú buan do dhíospóireacht de chuid an Chomhthionóil Ghinearálta nuair a chaitear crosadh ag an gComhairle Slándála.

15. Anois agus é ar siúl le breis is 2 bhliain anois, **tá cogadh foghach gan údar agus neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin** fós ag cur isteach go mór ar mhuintir na hÚcráine go príomha, agus tá éifeachtaí iarmharta le brath sa réigiún máguaird agus ar fud an domhain. Cáinimid gníomhaíochtaí na Rúise chun an struchtúr domhanda a dhíchobhsú chun an tsíocháin agus an tslándáil a chothabháil, lena n-áirítear ionstraimí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de sheasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, de thacaíocht a thabhairt don Úcráin a fhad is gá, agus d'obair a dhéanamh chun cuntasacht iomlán as coireanna a áirithiú. Is tosaíocht bhuanseasmhach i gcónaí é síocháin chuimsitheach chóir bhuan a bheith ann, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis an dlí idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Aontas an Ráiteas Comhpháirteach maidir le Creat Síochána a glacadh ag an gCruinniú Mullaigh maidir leis an tSíocháin san Úcráin, a bhí ar siúl san Eilvéis an 15-16 Meitheamh 2024. I gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach, tá an tAontas réidh chun tacú le bearta nithiúla, bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta.

16. Tá an staid in **Gaza agus sa Mheánoirthear**, tar éis na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla neamh-idirdhealaitheacha a rinne Hamas i mí Dheireadh Fómhair 2023, ar cheann de na hiarmhairtí tubaisteacha daonnúla agus ní mór dúinn leanúint d'aird phráinneach a thabhairt uirthi. Tá uafás ar an Aontas mar gheall ar líon an sibhialtach atá ag fáil bháis ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, go háirithe leanaí. Athdhearbhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit a seasamh mar a leagtar amach é sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2024. Ní mór bearta práinneacha marthanacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an staid dhaonnúil thubaisteach, lena n-áirítear neamhchosaint ar ghorta, arb é is cúis léi nach leor an cúnamh a ligtear isteach in Gaza. Chuir CBI é seo in iúl go soiléir ina chuid orduithe nach mór a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá ríthábhacht le hIosrael a bheith ag plé go cuiditheach leis na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a ghníomhaireachtaí. Is díol sásaimh don Aontas na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an staid sa Mheánoirthear, ag meabhrú dó gur de chineál ceangailteach iad, agus cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil rún daingean aige teacht ar réiteach polaitiúil ar an gcoinbhleacht i dtreo síocháin mharthanach inbhuanaithe bunaithe ar an réiteach dhá stát ós rud é go bhfuil an ceart céanna ag Palaistínigh agus ag Iosraelaigh maireachtáil go sábháilte, go díniteach agus go síochánta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun tuilleadh géarú réigiúnach a chosc, go háirithe sa Liobáin agus sa Mhuir Rua.

17. Leanfaidh an tAontas de bheith ag díriú go cothrom ar **choinbhleachtaí eile agus ar sháruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine ar fud an domhain**, lena n-áirítear iad siúd sa tSúdáin, in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus sa tSomáil, áit a bhfuil gníomhaithe foréigneacha ag díriú go cruálach ar phobail shibhialtacha agus ina bhfuil gorta forleathan mar thoradh ar choinbhleacht. Ní mór dúinn ár n-aird a dhíriú go práinneach freisin ar dhíothú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, go háirithe cearta na mban agus na gcailíní, ag an Talaban san Afganastáin agus ar choinbhleachtaí fada in Éimin, sa tSiria, i Háítí agus i mBurma/Maenmar. Tá rún daingean ag an Aontas i gcónaí tacú le muintir réigiún na Saiheile agus leanfaidh sé de bheith ag obair le comhpháirtithe agus le heagraíochtaí réigiúnacha, ECOWAS go príomha, lena ndíreofar ar aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na coinbhleachta, lena neartófar acmhainneachtaí chun cosc a chur ar choinbhleachtaí áitiúla a bheith ag géarú agus chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac de réir mar a leanann siad de bheith ag scaipeadh. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas d'iarrachtaí agus d'aird a thabhairt ar an staid i dtuaisceart Mhósaimbíc.

18. Tacaíonn an tAontas leis an g**Clár Oibre Nua um Shíocháin** ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe lena ngabhann bosca uirlisí neartaithe ó na Náisiúin Aontaithe, go háirithe agus an bhéim athnuaite atá curtha sa chlár sin ar **choinbhleachtaí a chosc** agus ar an tsíocháin a chothú mar oibleagáid uilíoch. Cuidíonn an tAontas leis an rún béim a chur ar chabhair agus idirghabháil chun tacú le próisis pholaitiúla. Is trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030, Chairt na Náisiún Aontaithe agus DUCD a bheifear in ann aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na coinbhleachta agus cultúr cuimsitheach síochána a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil agus cur chun feidhme iomlán a áirithiú, trí iarrachtaí comhpháirteacha, i gcás cláir oibre éagsúla, is iad sin an Clár Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, an Clár Oibre maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus an Clár Oibre maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, lena n-áiritheofar go gcuirfear san áireamh iad sa Chomhshocrú don Todhchaí.

19. Is deis é Athbhreithniú 2025 ar an **Ollstruchtúr um Chothú na Síochána** chun moltaí an Chláir Oibre Nua um Shíocháin agus an Chomhshocraithe don Todhchaí a chur i bhfeidhm. Leis an Athbhreithniú, ba cheart feabhas a chur ar an gcomhordú ar fud an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin agus ba cheart scrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme Rúin 76/305 agus 78/257 ó Chomhthionól Ginearálta NA maidir le maoiniú do chothú na síochána, lena n-áirítear le linn aistrithe agus íostarraingtí le haghaidh misean, agus é á aithint ag an am céanna nach bhfuil sé i gceist cistiú measúnaithe a chur in ionad ranníocaíochtaí deonacha agus cistiú nuálach. Oibreoidh an tAontas chun sainordú reatha an Choimisiúin um **Chothú na Síochána** a chur chun feidhme go hiomlán chun idirnaisc níos fearr a chothú i measc thrí cholún na Náisiún Aontaithe agus chun obair níos fearr a dhéanamh chun coinbhleachtaí a chosc, lena n-áirítear trí straitéisí náisiúnta coisctheacha. Ní mór **Ciste NA um Chothú na Síochána** a bheith á mhaoiniú go leordhóthanach, go hintuartha agus go hinbhuanaithe ag Ballstáit na Náisiún Aontaithe ós rud é nach leor gnáthbhuiséad NA amháin a úsáid chun an bhearna mhaoiniúcháin a líonadh.

20. Is uirlisí ríthábhachtacha iad **Oibríochtaí Síochána NA**, lena n-áirítear Oibríochtaí Síochánaíochta agus Misin Pholaitiúla Speisialta chun síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choinneáil. Ní mór iad a bheith oiriúnach dá bhfeidhm agus ní mór iad a imscaradh trí bhíthin sainorduithe, straitéisí scoir agus pleananna inmharthana um aistriú atá soiléir dírithe agus in ord tosaíochta. Tá dúshláin os a gcomhair atá ag éirí níos casta agus tá oiliúint leanúnach de dhíth orthu chun go mbeidh siad in ann oiriúnú do na dúshláin sin agus freagairt orthu go hiomchuí. Ba cheart leanúint den obair ar chur chun feidhme na moltaí sna tionscnaimh Gníomhaíocht le haghaidh na Síochánaíochta (A4P) agus A4P+. Is díol mór sásaimh don Aontas gur glacadh **rún 2719 ó CSNA**, lena gceadaítear ranníocaíochtaí arna measúnú ag NA a úsáid chun suas le 75 % den mhaoiniú a sholáthar do na hOibríochtaí Tacaíochta Síochána arna n-údarú ag CSNA ach atá faoi stiúir an Aontais Afracaigh, agus fiosróidh sé na roghanna atá ann chun tacú lena chur chun feidhme. Is fiú 23.5 % de bhuiséad síochánaíochta NA in 2024 na ranníocaíochtaí measúnaithe ó Bhallstáit an Aontais. Is é an tAontas an comhpháirtí is mó atá ag an Aontas Afracach maidir leis an tsíocháin agus leis an tslándáil.

21. Ní mór dúinn a bheith níos ullmhaithe **chun dul i ngleic le bagairtí agus dúshláin** atá ag teacht chun cinn, agus a bheith ar an eolas freisin faoi ghné inscne na mbagairtí sin. Chuige sin, beidh orainn comhar níos dlúithe a dhéanamh chun an méid a leanas a chosc agus a chomhrac: an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht thrasnáisiúnta agus eagraithe, smuigleáil imirceach, drugaí aindleathacha, gáinneáil ar dhaoine, an choireacht chomhshaoil, agus bagairtí a eascraíonn as teicneolaíochtaí hibrideacha, cibirtheicneolaíochtaí, teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS), agus bagairtí a eascraíonn as mífhaisnéis agus bréagaisnéis. Tá sé tábhachtach freisin ár n-acmhainneacht fadbhreathnaitheachta a neartú chun géarchéimeanna a chosc agus chun freagairt orthu go tapa agus iad a bhainistiú, agus é á chur san áireamh ag an am céanna go bhfuil an t-aitheantas a thugtar ar an nasc idir an t-athrú aeráide, an díghrádú comhshaoil agus an tsíocháin agus an tslándáil ag dul i méad. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe i dtreo straitéis dhomhanda chun cur i gcoinne ionramháil faisnéise agus cur isteach a thagann ón iasacht.

22. De mheon an Chláir Oibre Nua don tSíocháin, leanfaidh an tAontas den chreat iltaobhach maidir le **dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm** a chaomhnú, a chosaint agus a neartú, ar creat é atá á chreimeadh go leanúnach mar gheall go bhfuil a noirm á sárú go leanúnach agus an obair sna fóraim ábhartha á bacadh go páirteach. Tá sé ríthábhachtach go neartófaí an creat iltaobhach le haghaidh rialú onnmhairithe arm agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide chun tuilleadh meatha ar an staid slándála dhomhanda a chosc. Aithníonn an tAontas an ról ríthábhachtach atá ag córais iltaobhacha le haghaidh rialú onnmhairithe, i gcás nithe rialaithe, maidir le neamhleathadh agus úsáidí síochánta araon.

23. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí d'uiliú agus cur chun feidhme iomlán an **Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach**, arb é cloch choirnéil an chórais dhomhanda maidir le neamhleathadh arm núicléach i gcónaí é, arb é an bunús bunriachtanach é chun dí-armáil núicléach a shaothrú agus ar gné thábhachtach é i bhforbairt feidhmeanna fuinnimh núicléach chun críoch síochánta. Is olc leis an Aontas an cinneadh a rinne an Rúis daingniú an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha a chúlghairm, rud a chuirfidh moill bhreise ar a theacht i bhfeidhm. Leanfaidh an tAontas de chur chun cinn agus neartú na n-ionstraimí iltaobhacha i gcoinne **airm cheimiceacha agus bhitheolaíocha**, chun seasamh leis an toirmeasc dlíthiúil idirnáisiúnta ar na hairm sin, agus chun a áirithiú nach mbeidh aon saoirse ó phionós ann dóibh siúd a úsáideann iad.

24. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'**ionstraimí rialaithe gnáth-arm**, agus béim á leagan ar rialú Mionarm agus Armán Éadrom agus ar an toirmeasc ar mhianaigh fhrithphearsanra, ós rud é go bhfuil comhdhálacha athbhreithnithe beartaithe do 2024 i ndáil le Clár Gníomhaíochta NA maidir le Mionairm agus Armáin Éadroma agus an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra. Déanfaidh an tAontas measúnú breise ar dheiseanna agus dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, is é sin maidir le córais arm uathrialaitheach marfach faoi chuimsiú chomhthéacs an Choinbhinsiúin maidir le Gnáth-Armáin Áirithe. Tacaíonn an tAontas freisin le húsáid mhíleata fhreagrach i gcás teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear an intleacht shaorga.

25. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an dlí idirnáisiúnta is infheidhme maidir leis **an spás** atá ann cheana a chomhlíonadh, agus an Conradh Cianspáis ina chroílár sin. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le huiliú agus comhlíonadh iomlán Chonradh Cianspáis 1967, agus cuirfidh siad chun cinn go nglacfaí noirm maidir le hiompar freagrach chun rás arm sa chianspás a chosc. Tacaíonn an tAontas le hOifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Cianspáis a neartú agus aithníonn sé ról an Choiste um Úsáidí Síochánta an Chianspáis mar phríomhchomhlacht NA a dhéileálann leis an gcomhar idirnáisiúnta maidir le húsáid shíochánta an chianspáis.

## III. Forbairt inbhuanaithe agus maoiniú don fhorbairt a chur chun cinn

26. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go hiomlán leis an iarraidh a rinneadh ag an gCruinniú Mullaigh maidir leis na SFInna in 2023 go gcuirfí dlús leis an ngníomhaíocht chun **na SFInna a bhaint amach**, lena n-áirítear tríd an Dearbhú Polaitiúil a chur chun feidhme. I ndáil leis an méid sin, tá maoiniú don fhorbairt agus cur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa fíor-riachtanach i gcónaí chun go n-éireoidh leis na SFInna agus le dea-bhail ár gcomhphobail dhomhanda. Leanfaidh an tAontas de chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe agus athdhearbhaíonn sé gur bunphrionsabal de Chlár Oibre 2030 é cearta uile an duine a bhaint amach ina n-iomláine agus go bhfuil sin bunriachtanach chun forbairt chuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach nach bhfágann aon duine ar lár. Aithnímid a phráinní atá sé athléimneacht a chothú i leith géarchéimeanna agus dúshlán lena gcuirtear moill ar an dul chun cinn maidir leis na SFInna, go háirithe sna comhthéacsanna is leochailí.

27. Agus iad ar an soláthraí is mó ar domhan maidir le **Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt**[2], cuireann an tAontas agus a Bhallstáit i dtreis an ról lárnach atá acu maidir le rannchuidiú le maoiniú chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus maidir lena chumas sin i dtaca le foinsí eile maoinithe, idir phoiblí agus phríobháideach, a ghiaráil. Trí **Global Gateway**, tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit, ag obair dóibh trí chur chuige Fhoireann na hEorpa, i gcomhar le hinstitiúidí airgeadais agus leis an earnáil phríobháideach, tacaíonn siad le tíortha comhpháirtíochta chun a neamhspleáchas straitéiseach féin a chur chun cinn agus chun dlús a chur lena n-aistriú digiteach agus glas, agus, ag an am céanna, iompar, acmhainní don tsláinte, don oideachas agus don taighde á gcothú acu. Cuireann Global Gateway feabhas freisin ar na dálaí le haghaidh infheistíochtaí ardcháilíochta trí chúnamh teicniúil, idirphlé beartais, comhaontuithe trádála agus infheistíochta, agus creataí caighdeánaithe agus rialála, chun cistiú breise a chur ar fáil do na SFInna.

---

[2] EUR 95.9 billiún, arb é sin 42 % den mhéid domhanda in 2023 (bunaithe ar réamhshonraí ECFE a eisíodh i mí Aibreáin 2024)

28. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do dhea-rialachas agus institiúidí láidre a chur chun cinn ar gach leibhéal mar phríomhchumasóirí na forbartha inbhuanaithe, na síochána agus na slándála agus tacaíonn sé le hathchóirithe i dtreo **ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta** níos cuimsithí agus níos ionadaíche. Is deiseanna ríthábhachtacha iad Cruinniú Mullaigh na Todhchaí agus an ceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta chun athchóirithe ar struchtúir rialachais dhomhanda a chur chun cinn agus iad a chur in oiriúint don 21ú haois. Is díol sásaimh don Aontas agus dá Bhallstáit tionscnaimh a chuireann le hathchóiriú uaillmhianach, mar shampla Comhdháil Inbhuanaitheachta Hamburg nó Comhaontú Pháras do Dhaoine agus don Phláinéad.

29. Ní mór ról lárnach a bheith ag institiúidí airgeadais idirnáisiúnta maidir le **sreafaí airgeadais príobháideacha a shlógadh** ar scála i dtreo na n-infheistíochtaí is gá le haghaidh an aistrithe inbhuanaithe. Tacaíonn an tAontas le samhlacha oibriúcháin agus uirlisí nuálacha maoiniúcháin a fhorbairt chun dlús a chur le slógadh na n-earnálacha príobháideacha – mar shampla Tionscnamh Domhanda na mBannaí Glasa nó an Mol Comhairleach maidir le Maoiniú Inbhuanaithe. Is díol sásaimh don Aontas Creataí Maoiniúcháin Náisiúnta Comhtháite faoi stiúir tíortha mar bhealach chun maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh agus a ailíniú leis na SFInna, i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta.

30. Tá an tAontas tiomanta d'athchóiriú na **nInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais** agus na **mBanc Forbartha Iltaobhacha** (MDBanna), lena n-áirítear comhordú méadaithe idir córas de chuid na Náisiún Aontaithe agus MDBanna. Tacaíonn an tAontas le hathchóiriú MDBanna chun a misin a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí maidir le deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus borradh a chur faoin rathúnas comhroinnte lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin dhomhanda ar nós an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe. Tacaíonn an tAontas le MDBanna atá 'níos fearr, níos misniúla agus níos mó', lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil agus éifeachtúlacht úsáide caipitil trí optamú an chláir chomhardaithe, gan a rátálacha creidmheasa airgeadais 'A faoi thrí' a chailleadh, chun acmhainneacht iasachtaithe airgeadais a leathnú do thíortha i mbéal forbartha, chomh maith le caipiteal príobháideach agus slógadh acmhainní intíre a mhéadú. Molann an tAontas Grúpa an Bhainc Dhomhanda as an dul chun cinn atá déanta i ndáil lena Threochlár Éabhlóide. Tá an tAontas tiomanta a áirithiú go léireofar go leordhóthanach sa Chomhshocrú don Todhchaí an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, agus ar an gcaoi sin go gcuideofar leis na SFInna a bhaint amach agus go mbeidh sreafaí airgeadais comhsheasmhach le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

31. Iarrann an tAontas agus a Bhallstáit go ndéanfaí athshlánú uaillmhianach ar an gComhlachas Forbartha Inbhuanaithe chun aghaidh a thabhairt ar **riachtanais mhaoinithe lamháltais** agus ar na dúshláin dhomhanda atá os comhair na dtíortha is boichte. Ba cheart do MDBanna a bhfócas a mhéadú ar thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta chun Slógadh Acmhainní Intíre agus athchóirithe cánachais fhorásaigh a fheabhsú agus a mhionchoigeartú agus ar bhainistíocht airgeadais phoiblí. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le comhpháirtíocht agus comhar níos láidre i measc MDBanna, go háirithe ar leibhéal na tíre, i gcomhar leis an **gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta** (CAI) agus gníomhaithe ábhartha eile freisin.

32. Tá Ballstáit an Aontais tiomanta i gcónaí Cearta Tarraingthe Speisialta (CTSanna) a shlógadh agus a sheachadadh go deonach ar an Iontaobhas Laghdaithe Bochtaineachta agus Fáis agus ar an Iontaobhas Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta. Molann an tAontas athdháileadh USD 100 billiún de ranníocaíochtaí deonacha in CTSanna nó a gcoibhéisí ó thíortha ardfhorbartha go tíortha leochaileacha a shocraigh G20 in 2021 agus a seachadadh ag an gCruinniú Mullaigh le haghaidh Comhshocrú Airgeadais Domhanda nua in 2023. Cuireann an tionscnamh misniúil seo acmhainní ríthábhachtacha ar fáil chun geilleagair a neartú i bhfianaise dúshláin phráinneacha. Gheall Ballstáit an Aontais USD 35.6 billiún d’Iontaobhais CAI. Áitímid ar gach tír a ngealltanais a chomhlíonadh agus áitímid ar thíortha ar féidir leo leanúint dá n-iarrachtaí athdháilte a shaothrú an méid sin a dhéanamh.

33. Tacaíonn an tAontas go láidir le próiseas athchóirithe Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe. Tá ceann de phríomhghnéithe an chórais – Córas athnuaite na gComhordaitheoirí Cónaitheacha – éifeachtach maidir le comhar níos comhleanúnaí a chruthú idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe ar leibhéal na tíre. Mar sin féin, tá gá fós le hiarrachtaí, lena n-áirítear maoiniú leordhóthanach, intuartha agus inbhuanaithe do Chóras na gComhordaitheoirí Cónaitheacha. Leis an gcreat nua i ndáil leis an Athbhreithniú Cuimsitheach Ceathairbhliantúil Beartais maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla chóras na Náisiún Aontaithe, ní mór comhleanúnachas ar fud an chórais agus díriú ar spriocanna Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe maidir le Clár Oibre 2030 agus Cairt na Náisiún Aontaithe a bhaint amach a neartú.

34. Tá tionchar ag **géarchéim leachtachta na Náisiún Aontaithe** ar a ranna uile agus tá sí ag cur bac ar a sainordú a chur i gcrích. Ní mór maoiniú inbhuanaithe na n-institiúidí iltaobhacha a áirithiú. Tá Ballstáit an Aontais tiomanta a ranníocaíochtaí a íoc ina n-iomláine, in am agus gan choinníollacha.

35. Tacaíonn an tAontas le **struchtúr láidir domhanda sláinte**, a mbeidh EDS atá cuntasach, a mhaoineofar go hinbhuanaithe agus a bheidh éifeachtach ina chroílár. Cuirfimid leis na dearbhuithe polaitiúla a glacadh le linn Sheachtain Ardleibhéil Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 78 agus muid ag díriú ar fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, a dtabharfar aghaidh uirthi ag Cruinniú Ardleibhéil i mí Mheán Fómhair 2024. Is díol sásaimh dúinn an comhaontú a rinneadh le déanaí maidir le leasuithe criticiúla ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta, agus athdhearbhaímid ár dtiomantas láidir teacht ar thoradh rathúil ar an gcaibidlíocht leanúnach le haghaidh ionstraim uaillmhianach atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí.

**IV. Aghaidh a thabhairt ar an 'ngéarchéim phláinéideach thriarach'**

36. Cuireann an tAontas in iúl gur cúis mhór imní dó nach bhfuil na Páirtithe i **gComhaontú Pháras** fós ar an mbóthar ceart chun a spriocanna a bhaint amach agus iarrann sé go gcuirfí chun feidhme ina n-iomláine é, lena n-áirítear an méadú teochta a theorannú go 1.5°C. Tar éis an 28ú Comhdháil Aeráide de chuid na Náisiún Aontaithe, iarrann an tAontas freisin ar na comhpháirtithe uile obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme thoradh an chéad Athbhreithnithe Dhomhanda faoi Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear *inter alia* an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise. Tá sé ríthábhachtach go n-oibreoidh na páirtithe uile ar Rannchuidithe níos uaillmhianaí arna gCinneadh go Náisiúnta le spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair atá ailínithe leis an teorainn 1.5°C agus leis na Pleananna Oiriúnaithe Náisiúnta um an Athrú Aeráide. Tá an tábhacht chéanna ag baint le hobair a dhéanamh i dtreo sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann maidir le maoiniú don aeráid a shocrófar ag COP29 lena scaoilfear gach foinse airgeadais agus lena ndéanfar sreafaí airgeadais a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras. Iarrann an tAontas ar na comhpháirtithe leanúint den mhachnamh domhanda maidir le maoiniú inbhuanaithe a dhéanamh ar aistriú domhanda, cóir agus cuimsitheach chuig fuinneamh glas d'fhonn dlús a chur leis agus na tairbhí a bhaineann leis a chomhroinnt ar bhealach níos fearr ar fud an domhain.

37. Tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun **cailliúint na bithéagsúlachta** a stopadh agus a aisiompú. Tá an tAontas lántiomanta do Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme go tráthúil i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, chomh maith le maoiniú na bithéagsúlachta a mhéadú. Tá an tAontas tiomanta freisin neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach faoi 2030 agus is díol sásaimh dó COP16 i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac. Molann an tAontas rialachas agus idirphlé idirnáisiúnta níos láidre maidir leis na haigéin agus is díol sásaimh dó Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin in 2025. Iarrann an tAontas go ndaingneofar an Comhaontú go pras agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe na hÉagsúlachta Bitheolaíche Muirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta ionas go bhféadfaidh an Comhaontú teacht i bhfeidhm in am don Chomhdháil.

38. Is dúshlán forleathan é an **truailliú domhanda** a éilíonn níos mó iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon chun cur chun feidhme éifeachtach an chirt chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá an tAontas tiomanta do chur chun feidhme an Chreata Dhomhanda maidir le Ceimiceáin – Do Phláinéad Saor ó Dhíobháil ó Cheimiceáin agus ó Dhramhaíl. Tacaíonn an tAontas freisin le tabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir le hionstraim uaillmhianach idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí chun deireadh a chur leis an truailliú plaisteach faoi dheireadh 2024 i gcomhréir le sainordú an 5ú Comhthionól Comhshaoil de chuid na Náisiún Aontaithe agus leis an gcaibidlíocht maidir le Painéal Beartais Eolaíochta maidir le Ceimiceáin, Dramhaíl agus Truailliú.

39. Is ábhar imní domhanda í cobhsaíocht **thimthriall domhanda an uisce** atá mar bhonn agus mar thaca le gnóthú na SFInna uile. Ar an gcaoi chéanna, tá sé ríthábhachtach éiceachórais fionnuisce a chaomhnú agus dul i ngleic le truailliú uisce agus ró-úsáid uisce le haghaidh gníomhaíochtaí aeráide agus bithéagsúlachta, agus le haghaidh slándáil bia agus sláinte. Is díol sásaimh don Aontas príomhthorthaí Chomhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe agus tá sé tiomanta iad a chur chun feidhme. Molann an tAontas go ndéanfaí iarrachtaí comhpháirteacha i dtreo córas níos láidre de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le huisce. Áirítear leis sin Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le hUisce a cheapadh chun comhleanúnachas níos láidre an chláir oibre uisce a áirithiú ar fud chóras na Náisiún Aontaithe, tosaíochtaí a bhaineann le huisce a chomhtháthú i bpróisis ábhartha na Náisiún Aontaithe, straitéis uile-chórais na Náisiún Aontaithe maidir le huisce agus sláintíocht a chur chun feidhme, domhandú Choinbhinsiún Uisce na Náisiún Aontaithe maidir le cosaint agus úsáid sruthchúrsaí trasteorann agus lochanna idirnáisiúnta. Ina theannta sin, tá gá le tuilleadh comhar idirnáisiúnta chun slándáil uisce agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce a bhaint amach, agus le hidirphlé rialta idir-rialtasach maidir le huisce le comhdhálacha uisce eile de chuid na Náisiún Aontaithe in 2026, 2028 agus tar éis 2030 chomh maith le tionscnaimh idir-rialtasacha eile maidir le huisce.

## V. Muinín a chothú trí chóras iltaobhach níos éifeachtaí

40. Deis uathúil atá i gCruinniú Mullaigh na Todhchaí chun **an t-iltaobhachas a athbheochan**, chun é a chur in oiriúint chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus chun an bhearna iontaoibhe i leith institiúidí ar gach leibhéal agus idir comhaltaí na Náisiún Aontaithe a laghdú. Tá an tAontas ag moladh cur chuige cothrom i leith thrí cholún na Náisiún Aontaithe - an tsíocháin agus an tslándáil a chothú, borradh a chur faoin bhforbairt inbhuanaithe agus cearta an duine a chosaint. Beidh sé ríthábhachtach an comhar, an chuntasacht agus an chuimsitheacht a neartú i bhfóraim iltaobhacha chun muinín as an gcóras a mhéadú agus chun éifeachtacht, úinéireacht agus trédhearcacht a áirithiú. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach, ag obair le comhpháirtithe ó na réigiúin uile, lena n-áirítear gníomhaithe na sochaí sibhialta, maidir le Comhshocrú uaillmhianach don Todhchaí agus maidir lena chur chun feidhme fóinteach.

41. Tacaíonn an tAontas le **hathchóiriú cuimsitheach ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe** chun í a dhéanamh níos éifeachtaí, níos cuimsithí, níos trédhearcaí, níos daonlathaí agus níos cuntasaí, le go léireofaí réaltachtaí an lae inniu ar bhealach níos fearr trí ghuth na réigiún tearcionadaithe a neartú, go háirithe an Afraic ach gan a bheith teoranta di. Ba cheart an dul chun cinn maidir leis an gCaibidlíocht Idir-Rialtasach ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i ndáil le hathchóiriú a dhéanamh ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a léiriú ag an gCruinniú Mullaigh don Todhchaí. Tacaíonn an tAontas le tionscnamh na Fraince/Mheicsiceo maidir le srianadh an chrosta i gcásanna ina ndéantar ainghníomhartha ollmhóra, chomh maith leis an 'Cód Iompair maidir le gníomhaíocht na Comhairle Slándála i gcoinne cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh'.

42. Tacaíonn an tAontas go láidir le **rialachas digiteach domhanda** il-gheallsealbhóra agus cuimsitheach agus tá sé i mbun oibre chun córas iltaobhach éifeachtach a mhúnlú chun claochlú digiteach duinelárnach agus todhchaí dhigiteach atá cuimsitheach, oscailte agus sábháilte do chách a chur chun cinn. Mar thoradh tábhachtach ar Chruinniú Mullaigh na Todhchaí, tacaíonn an tAontas le Comhshocrú Digiteach Domhanda uaillmhianach, lena dtugtar aghaidh ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le teicneolaíochtaí digiteacha don chine daonna agus lena maolaítear na rioscaí. Ba cheart cur chuige atá bunaithe ar luachanna agus ar chearta an duine a bheith mar bhonn taca leis an gComhshocrú Digiteach Domhanda agus ba cheart é a bhunú ar chur chuige il-gheallsealbhóra. Tugann an tAontas dá aire an tuarascáil eatramhach ón gComhlacht Comhairleach Ardleibhéil maidir leis an Intleacht Shaorga a rannchuidíonn leis an gComhshocrú Digiteach Domhanda agus tá sé ag tnúth lena thuarascáil chríochnaitheach a bhreithneofar faoin gComhshocrú Digiteach Domhanda. Ba cheart rialachas domhanda intleachta saorga a bheith bunaithe ar struchtúir atá ann cheana agus ar an dlí idirnáisiúnta, agus ba cheart é a chur i bhfeidhm agus cearta an duine á n-urramú. Tá ról ceannasach ag an Aontas sa réimse sin le glacadh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga – arb é an chéad chreat dlíthiúil cuimsitheach é riamh maidir leis an intleacht shaorga.

43. Tacaíonn an tAontas freisin le forbairt **Phrionsabail Dhomhanda na Náisiún Aontaithe** maidir le Sláine Faisnéise mar uirlis thábhachtach chun cuntasacht na ngníomhaithe éagsúla atá i gceist i dtimpeallacht na faisnéise a áirithiú agus chun tacú le fothú acmhainneachta chun sochaithe a chothú atá athléimneach in aghaidh na bréagaisnéise. Oibreoidh an tAontas agus na Ballstáit go gníomhach chun méadú agus dlisteanú feachtas mífhaisnéise a chosc agus a chomhrac.

44. Ár n-institiúidí a uasghrádú agus a neartú, níl sa mhéid sin ach cuid den phictiúr iomlán. Tá sé chomh tábhachtach céanna **comhpháirtíochtaí láidre domhanda** a chothú chun gníomhaíocht chomhchoiteann a spreagadh. Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil le comhpháirtithe i mballraíocht na Náisiún Aontaithe trí chéile, ag éisteacht go gníomhach leis na hábhair imní atá acu trí fhor-rochtain leanúnach, chun comhthoil agus comhghuaillíochtaí trasréigiúnacha a fhorbairt. Tá an t-iltaobhachas cuimsitheach ríthábhachtach chun na SFInna a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna atá ag géarú.

45. Deis atá sa **Chruinniú Mullaigh Domhanda Sóisialta** athnuachan a dhéanamh ar an gconradh sóisialta, conradh atá fréamhaithe i gcearta an duine, agus i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair. Tacaíonn an tAontas leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta chun rannchuidiú le cuspóirí an Chruinnithe Mullaigh agus chun obair leantach éifeachtach a áirithiú. Ní mór guthanna éagsúla a áireamh i gclár oibre an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda Shóisialta, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta, go háirithe eagraíochtaí don óige, agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

46. Ag tógáil ar an **gCeathrú Comhdháil Idirnáisiúnta (2024) maidir le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha** (SIDS), geallann an tAontas agus a Bhallstáit go dtacóidh siad le SIDS i gcur chun feidhme Chlár Oibre nua 10 mbliana Antigua agus Barbúda le haghaidh SIDS. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit freisin le Tíortha Talamhiata atá i mBéal Forbartha maidir lena ndúshláin uathúla agus tá siad ag tnúth leis an **3ú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Tíortha Talamhiata atá i mBéal Forbartha**. Trí chomhpháirtíochtaí ar bhonn comhionann a bhunú, is fearr a bheimid in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda le chéile.

47. Tacaíonn an tAontas le rannpháirtíocht fhóinteach **sochaí sibhialta** éagsúil atá cearta-bhunaithe agus neamhspleách i bpróisis iltaobhacha, lena n-áirítear fóraim um chearta an duine, idirghabháil síochána agus cinnteoireacht, ach gan a bheith teoranta dóibh sin. Tá gá le gníomhaíocht shonrach chun go mbeidh **daoine óga** rannpháirteach go hiomlán, go héifeachtach agus go fóinteach, ionas go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach mar chomhpháirtithe comhionanna sna próisis chinnteoireachta agus bheartais ar fud chóras na Náisiún Aontaithe. Meabhraítear don Aontas a thiomantas tacú le rannpháirtíocht chomhionann iomlán éifeachtach fhóinteach a bheith ag mná agus an óige, ina n-éagsúlacht uile, lena n-áirítear i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024. Molann an tAontas freisin go ndéanfaí toscairí don óige a chuimsiú in ionadaíochtaí náisiúnta agus in ionadaíochtaí an Aontais. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Aontas an Dearbhú maidir leis na glúnta a bheidh ann amach anseo mar thoradh tábhachtach eile ar Chruinniú Mullaigh na Todhchaí, lena ndírítear, *inter alia*, ar fhadbhreathnaitheacht a chur i bhfeidhm sa cheapadh beartas chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na nglúnta atá le teacht.

---